Fáilte go Scoil s'Againne

Witamy w Naszej Szkole (Polainis)
Sveiki atvyke i musu mokykla (Liotuáinis)
Laipni lugti musu skola (Laitvis)
Vitajte v a Nossa Escola (Slóvaicis)
Bem Vindo a Nossa Escola (Portaingéilis)

Iarrtar ort bileog a chruthú do dhaltaí úra i do cheantar, arb as an tír chéanna leat féin iad.

Amharc ar roinnt bileog a thug do rang isteach agus labhraígí ar cad é atá go maith nó go holc fúthu.

Pléigh le daoine eile na cineálacha bileog is féidir leat a chruthú.



Pléigh, le dalta eile, cineálacha éagsúla bileog, bileoga aon fhilleadh, trí fhilleadh - na cosúlachtaí agus na héagsúlachtaí eatarthu agus déan cinneadh ar an chineál bileoige a dhearfaidh tú féin.

Amharc ar shuíomh gréasáin do scoile le heolas a aimsiú faoin scoil. Smaoinigh ar an chineál eolais a chuideodh le daltaí úra.



Déan cinneadh ar cad é a chuirfidh tú isteach i do bhileog. B'fhéidir gur mhaith leat grianghraif den scoil, de na seomraí ranga srl. a thógáil, nó fiú amháin de roinnt gníomhaíochtaí iarscoile.

Fáilte go Scoil s'Againne

Witamy w Naszej Szkole (Polainis)
Sveiki atvyke i musu mokykla (Liotuáinis)
Laipni lugti musu skola (Laitvis)
Vitajte v a Nossa Escola (Slóvaicis)
Bem Vindo a Nossa Escola (Portaingéilis)

Pleanáil do bhileog roimh í a chruthú.

Sábháil do bhileog, priontáil í agus pléigh le daoine eile cad iad na feabhsuithe is féidir a dhéanamh.

Déan cibé feabhsuithe atá de dhíth agus sábháil do chuid oibre.

B'fhéidir gur mhaith leat do bhileog a chur i ríomhphost chuig cara i do thír dhúchais.